| Scannánaíocht | |
|---|---|
| **Seatanna Bileog Eolais** | |
| **Cineáil seat** | **Éifeacht ar an tuisicnt** |
| **Seat bunaidh** | Seat leathan a léiríonn suíomh an scéil; de ghnáth ag tús scannáin. Insíonn seat mar seo seo dúinn cá bhfuil an scéal suite (sa chathair nó faoin tuath; in Éirinn nó thar lear; srl) agus cén tréimhse atá ann (an t-aonú céad is fiche nó tréimhse éigin stairiúil) |
| **Seat fada** | seat a thaispeánann iomlán an radhairc ina bhfuil an mhír seo den scéal ag titim amach m.sh. An líne Iarnróid agus an traein ag teacht isteach sa seat.. |
| **Seat Leanúna** | Aon seat ina mbogann an ceamara taobh leis an ábhar. Tagraíonn an téarma do sheat ina bhfuil an ceamara suite ar ráillí - cosúil le rian iarnróid. |
| **Claon suas** | Fanann an ceamara san áit chéanna ach rothlaíonn sé suas / síos i bplána ceartingearach. Níl aon súmáil i gceist. |
| **Meánseat** | Seat a thaispeánann cuid den radharc m.sh. Pól agus agus Catherine sa traein ag cómhrá lena chéile. Tá an bheirt acu sa seat agus rudaí taobh amuigh den fhuinneog le feiceáil chomh maith. |
| **Seat thar ghualainn:** | I scannán nó físeán, úsáidtear an seat thar ghualainn chun dearcadh an carachtair eile a chur i iúl. Tá an ceamara ag féachaint thar ghualainn an duine atá ag éisteacht. |
| **Seat teann** | Seat a léiríonn mionsonraí sa radharc m.sh. an cupán caife/ an cáca milis ag líonadh an scáileán. |
| **Teicnicí físe eile** | Éadaí/Feistis/graific/solas/dath/siombail/iardhearcadh/cuma na gcarachtar/tréithe na gcarachtar/Geáitsíocht na gcarachtar a thugann tuiscint níos doimhne. |
| **Graificí:** | Teideal an scannáin /fotheidil/creidmheasanna/íomhá digiteach (aon uair atá scríbhneoireacht/íomhá digiteach ar an scáileán). Uaireanta baintear leas as stíl grafaice chun stíl an scannáin a chur in iúl ó thús. Smaoinigh ar scannáin uafáis. Bíonn cló ar leith ar na teidil agus seans go bhfeicfí fuil ag sileadh ó na focail chun cur le tuiscint an lucht féachana gur droch scéal atá romhainn. |
| **Fuaimeanna (fuaimrian & maisíochtaí/éifeactaí fuaime)** Ceol teidil, Cúlcheol, Guthú. | I scannán oibríonn na pictiúir agus na fuaimeanna i dteannta a chéile chun scéal a insint. Baintear an-úsáid as an gceol i scannáin agus i glcáracha teilifíse chun cur le heispéaras an lucht féachana. Smaoinigh ar na scannáin cháiliúla JAWS nó PSYCHO nó MISSION IMPOSSIBLE. Chomh luath is a chloistear ceol áirithe, tuigtear dúinn go bhfuil rud éigin i ndán don phríomhcharachair nó cuireann sé go mór leis an atmaisféar. |

| **LE LINN FÉACHANA**: Bileog Oibre Seatanna agus Fuaimeanna le húsáid ag na scoláirí le linn féachana |
|---|
| Seo thíos bileog oibre le húsáid agus na scoláirí ag díriú isteach ar theicnící a bhaineann leis an scannánaíocht. Fad is atá na scoláirí ag féachaint ar scannán, iarr orthu na seatanna nó cineálacha fuaimeanna nó aon theicníc eile a n-úsáidtear a bhreacadh síos. Iarr orthu chomh maith conas a chuireann an teicníc seo leis tuiscint atá acu ar an scannán |
| **Cineáil seat**: Seat bunaidh, Seat fada, Seat Leanúna, Claon suas, Meánseat, Seat thar ghualainn, Seat teann, Graificí, Fuaimeanna (fuaimrian) |
| **Teicnicí físe eile:** Éadaí/Feistis/graific/solas/dath/siombail/iardhearcadh/cuma na gcarachtar/tréithe na gcarachtar/Geáitsíocht na gcarachtar |

| Cineál teicníce | Éifeacht na teicníce | Tuiscint le brath | Aon rud a chuireann leis an atmaisféar |
|---|---|---|---|
| ***Seat bunaigh*** | ***Cuireann sé an suíomh in iúl*** | ***Tá baint ag an scannán seo le saol rúnda*** | ***Tá sé dorcha agus closimid fuaimeanna sa chúlra*** |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**Comhrá ranga**

Bhí an stiúrthóir ag iarraidh dúshlán a thabhairt do cheart-pholaitíocht agus léiriú a thabhairt ar an saol mar atá sé.

- An bhfuil eolas agat ar scannáin eile a thugann dúshlán do cheartpholaitíocht? Smaoinigh.
- Déan comparáid idir na téamaí sna scannáin seo. An ionann iad ar bhealach ar bith? Cén fáth, an dóigh leat, go ndearna na stiúrthóirí na scannáin sin?